DÉAN CREANN TABHAILL A DHEARADH AGUS A THÓGÁIL

SINSEAR

Trealamh:	**1. Ranganna 5, agus 6:** Le haghaidh gach crann tabhaill: 14 cipín líreacáin Banda rubair, seilitéip, 1 píosa beag páipéi (*timpeall an ceathrú cuid de bhileog A4*) **2. Do Ranganna 3, agus 4:** Le haghaidh gach crann tabhaill: 1 fáiscín docht, 1 rialóir gearr (15 cm), 1 banda tiubh rubair, 1 píosa beag páipéir (*timpeall an ceathrú cuid de bhileog A4*)
Na ranganna atá molta:	Ranganna sinsir
Ullmhúchán:	Ba mhaith an rud é dá mbeadh an ghníomhaíocht 'Triantáin Iontacha' déanta cheana féin, agus go mbeadh neart an triantáin foghlamtha ag na leanaí.
Eolas cúlra:	• Nuair a oibríonn fórsa ar rud nach bhfuil in ann gluaiseacht, féadfaidh a mhéid nó a chruth athrú. • Fanann nithe áirithe (*m.sh. marla*) sa chruth nua nuair a bhaintear an fórsa. Ach filleann substaintí áirithe ar nós rubair chuig a gcruth bunaidh nuair a bhaintear an fórsa. Tugtar Substaintí LEAISTEACHA orthu seo. • Stórálann ábhair leaisteacha fuinneamh nuair a shearrtar amach iad, agus scaoileann siad uathu an fuinneamh nuair a bhaintear an fórsa. Bíonn fuinneamh stóráilte mar sin sna bandaí searrta rubair (*seo é an fuinneamh a chuir tú isteach ann lena shearradh*). Scaoiltear an fuinneamh seo nuair a ligtear don bhanda rubair agus nuair a théann sé ar ais chuig a chruth bunaidh. • Ní féidir le rudaí laisteacha searradh go deo! Brisfidh siad má shearrann tú rófhada iad. • Léiríonn an ghníomhaíocht seo neart an triantáin chomh maith. Úsáidtear cruth an triantáin go minic san ailtireacht mar gheall ar a neart. (*Féach an ghníomhaíochr Fionnachtan na hEolaíochta sa Bhunscoil 'Triantáin Iontacha'*).

DÉAN CREANN TABHAILL A DHEARADH AGUS A THÓGÁIL

SINSEAR

Ceisteanna spreagtha:

Cad í an úsáid a bhaintear ar bandaí rubair?

Cén bhuntáiste atá ag banda rubair ar phíosa corda? (*Searrann siad!*)

Nuair a shearrtar banda rubair cad a dhéanann sé? (*Éiríonn sé níos faide*)

Nuair a ligtear dó cad a dhéanann sé? (*Filleann sé ar a bhunmhéid*)

Meas tú an bhfuil traimpilín laisteach? (*Tá!*)

Cad a tharlaíonn do thrampailín nuair a léimeann tú air? (*Searrann sé síos*)

Cad a tharlaíonn ansin? (*Filleann sé a bhunchruth, scaoileann sé an fuinneamh stóráilte agsu brúnn sé susa san aer tú*)

Comhábhar:

EOLAÍOCHT: Fuinneamh agus fórsaí: fuinneamh stóráilte

MATA: Uimhir: oibríochtaí
Cruth agus Spás Cruthanna 3-D, línte agus uillinneacha
Toisí: fad
Sonraí: sonraí a chur in iúl

Scileanna:

Réamh-mheas, triail, tomhas.

Dearadh agus déanamh (*i.e. fiosrú, pleanáil, déanamh, measúnú*)

Nascanna traschuraclaim:

Stair: Baineadh úsáid as crainn tabhaill ar feadh i bhfad sa chogaíocht: d'úsáid na Rómhánaigh crainn tabhaill mar airm léagair. Bhain na Normannaigh úsáid astu ina dhiaidh sin; agus sa Chéad Chogadh Domhanda úsáideadh crainn tabhaill le granáid láimhe a chaitheamh isteach i dtrinsí an namhad.

Úsáideann boghanna agus saigheada fuinneamh stóráilte chomh maith - úsaideadh ó thús ama iad i seilg agus i gcogaí.



DÉAN CREANN TABHAILL A DHEARADH AGUS A THÓGÁIL

SINSEAR

Gníomhaíocht:

Ba cheart roinnt bandaí rubair a thabhairt do na leanaí le súgradh leo agus a gcuid tréithe a fhiosrú go cúramach. (*Tiús, cumas searrtha, srl*)

Ranganna 5, agus 6:
Déan pirimid le bonn triantánach as cipíní líreacáin.

Ansin déan géag den chrann tabhaill, as 2 chipín líreacáin.

Greamaigh an ghéag den phirimid mar seo a leanas:

Fill ceann amháin den bhanda rubair timpeall ar cheann amháin de ghéag an chrann tabhaiill timpeall 1 nó 2 cm. óna dheireadh.

Ceangail an ceann eile den ghéag leis an mbun mar a bhfuil na trí triantáin ag teacht le chéile. Greamaigh é seo go daingean le téip anois (*feidhmeoidh sí seo mar chineál inse*)

Sa deireadh, greamaigh an ceann eile den bhanda rubair le barr an chrann tabhaill.

Déan liathróid theann den phíosa páipéir anois agus scaoil é!

(*cuir an páipéar ar an ngéag díreach os cionn an bhanda rubair, tarraing siar an banda agus scaoil leis. Beidh ort greim a choinneáil ar an mbun leis an lámh eile.*)

Tomhais an fad a thaistil an páipéar.

Is féidir é seo a dhéanamh roinnt uaireanta eile, na faid a thaifeadadh agus an meánfhad a ríomh.

Tuillleadh Mata:

Is féidir faid agus airde éagsúla na bpiléar páipéir a thomhas.

An féidir leis na leanaí trialacha a dhéanamh le huillinneacha éagsúla den ghéag le feiceáil conas an fad is mó a fháil?

Is féidir fad na géige, fad agus neart an bhanda rubair a athrú, sonraí a thaifeadadh agus teacht ar chonclúidí.

Ranganna 3 agus 4:
Is féidir crann tabhaill a dhéanamh le rialóir trí fháiscín docht a ghreamú ceann an rialóra agus an banda rubair a cheangal leis an bhfáiscín ansin.

Nuair a tharraingítear an banda rubair siar cuirtear fuinneamh ann; nuair a chuirtear liathróid theann páipéir isteach i gceann an bhanda rubair, agus ligean dó, scaoiltear an fuinneamh go han-mhear agus féadfaidh an páipéar imeacht mar urchar.

Ba cheart triail a bhaint as seo roinnt uaireanta, fiosrú a dhéanamh faoin uillinn inar coinníodh an rialóir, cé chomh fada is a tarraingíodh an banda, cén fad de bhanda rubair a thug an fad is faide srl.

Ba cheart an fad a chuaigh an páipéar a thomhas agus a thaifeadadh. Ba cheart é seo a dhéanamh roinnt uaireanta agus an meánfhad a thaifeadadh.

DÉAN CREANN TABHAILL A DHEARADH AGUS A THÓGÁIL

SINSEAR

Sábháilteacht:	**Cé go mbíonn páipéar bog ná caitear na 'piléir' ar leanaí mar go bhféadfadh sé eagla a chur orthu.**
Gníomhaíocht leantach:	Is iomaí bealach atá ann ina n-úsáidtear prionsabal an fhuinneamh stóráilte chun crainn tabhaill a dhéanamh. Ba cheart na leanaí a spreagadh chun a gcrainn tabhaill féin a dhearadh agus a dhéanamh. D'fhéadfadh siad triail a bhaint as píosa de bhosca uibheacha mar choinneálaí don liathróid páipéir. D'fhéadfaí liathróidí a dhéanamh de scragall cistine seachas páipéar. Meabhraigh na ceithre chéim le haghaidh "Dear agus Déan': 1. Fiosraigh 2. Pleanáil 3. Déan 4. Measúnaigh